


# Gníomhaíocht 1

## Róil Éagsúla

### Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



#### Mapaí Dul Chun Cinn

Cumarsáid a Dhéanamh Mar is Cuí  
Fadhbréiteach agus Dul sa tSeans ar  
Mhaithe Leis an Fhoghlaim  
Ag Obair le Daoine Eile

#### Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

#### Réimsí Foghlama

##### Bunscoil

Na hEalaíona: Drámaíocht  
Forbairt Phearsanta agus  
Comhthuisicint

##### Iar-bhunscoil

Foghlaim don tSaol agus don Obair:  
Saoránacht, Infhostaitheacht agus  
Forbairt Phearsanta

#### Toradh Foghlama

Aithneoidh agus úsáidfídh na  
foghlaiméirí dóigheanna cuí le  
cumarsáid a dhéanamh i gcásanna  
éagsúla.

#### Áiseanna atá de Dhíth

**Áis 2:** Cáirtaí don Rólghlacadh

#### Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ghrúpa  
Gníomhaíocht bheirte

### Cur Síos

Fiosróidh na foghlaiméirí na dóigheanna a ndéanann daoine cumarsáid i bpoist éagsúla agus déanfaidh siad machnamh ar dhóigheanna cuí le cumarsáid a dhéanamh.

#### An Gníomhaíocht

- Mar rang, déanaigí liosta de na daoine éagsúla a mbíonn na foghlaiméirí ag labhairt leo le linn an lá scoile, ar nós cairde, múinteoirí agus mná lóin.
- Ansin amharc ar na daoine a labhraíonn siad leo taobh amuigh den scoil agus ar na poist atá acu, agus smaoinigh ar na fáthanna a bhfeiceann siad na daoine seo.
- Déan rólghlacadh le duine fásta eile, cuairt ar an fhioclóir mar shampla, agus iarr ar na foghlaiméirí a rá cén ról atá ag gach duine agaibh.
- Iarr ar na foghlaiméirí focail nó frásaí a mholadh a thiocfadh leo a úsáid sa rólghlacadh; b'fhéidir go ndéarfadh siad mar shampla, 'fiacra', 'Oscail do bhéal' agus 'An bhfuil sé nimhneach?'
- Déan péirí den rang. Bain úsáid as na cártaí in Áis 2 agus iarr ar gach péire rólghlacadh a dhéanamh sa dóigh go mbeidh na páistí eile sa rang ábalta a thomhas cén ról atá acu.
- Bíodh deis ag na foghlaiméirí an rólghlacadh a dhéanamh os comhair an ranga. Pléigí an cineál teanga a úsáideadh agus an dóigh ar chuir siad a ról i láthair.

#### Smaointe don Dífreáil

##### An Leibhéal Deacrachta a Íslíú

- Tabhair scrípteanna gairide do na foghlaiméirí lena léamh amach agus iarr orthu smaoiniamh ar an ghuth a thiocfadh leo a úsáid i ngach ról.
- Tabhair róil do na foghlaiméirí agus mol eochairfhocail a thiocfadh leo a úsáid.
- Labhair faoi chomharthaíocht choirp agus pléigh an dóigh a mothaíonn na foghlaiméirí nuair a bhíonn duine ina sheasamh róchóngarach dóibh nó nuair a úsáideann duine gothaí gnúise éagsúla.

##### An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Spreag na foghlaiméirí le machnamh agus cur síos a dhéanamh ar do ghuth agus ar do thuin chainte agus ar an chomharthaíocht choirp a úsáidtear i gcásanna éagsúla.
- Bíodh réimse níos leithne cásanna ann don rólghlacadh; mar shampla agallamh poist agus cruinniú le bainisteoir bainc.
- Lig do na foghlaiméirí cásanna deacra a léiriú a bhfuil coimhlínt nó fadhbréiteach i gceist iontu agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le gach cás a réiteach.

## Áis 2: Cártaí don Rólghlacadh

### Fear/Bean Tine



#### Cad é a dhéanann fir/mná tine?

Cuireann fir/mná tine tinte as, cuidíonn siad le daoine atá i mbaol agus cuidíonn siad leis an phobal a choinneáil slán.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Inneall dóiteáin
- Piobán uisce
- Dréimire
- Cuaille

#### Cad é a chaitheann siad?

- Éide speisialta
- Clogad
- Gaireas análaithe

#### Cad é a deir siad?

*'Tá muid ar an bhealach.'*

*'Ná bí buartha, beidh muid ábalta cuidiú leat.'*

*'Caithfidh muid an tine a chur as.'*

*'Faigh an piobán.'*

*'Tá dréimire de dhíth orainn.'*

*'Bí cúramach, tá sé róthe.'*

*'Tá duine gafa sa teach. Caithfidh muid cuidiú leis.'*

### Feirmeoir



#### Cad é a dhéanann feirmeoirí?

Oibríonn feirmeoirí ar fheirm. Tugann siad aire do hainmhíthe agus fásann siad barraí. Oibríonn siad go crua agus bíonn siad taobh amuigh an lá ar fad, i ngach cineál aimsire.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Tarracóir
- Bleánlann
- Céachta
- Inneall bainte

#### Cad é a chaitheann siad?

- Buataisí uisce
- Cóta
- Éadaí teo

#### Cad é a deir siad?

*'Tá sé in am na bá a bhleán.'*

*'Tá sé fuar inniu.'*

*'Tá lao ar an bhealach.'*

*'Caithfidh muid an féar a bhaint.'*

*'Tá mé ag dul chuig an mhargadh inniu.'*

## Áis 2: Cártaí don Rólghlacadh

### Fiaclóir

© iStockphoto/thinkstockphotos.com



#### Cad é a dhéanann fiaclóirí?

Tugann fiaclóirí aire do na fiacla agus don bhéal. Amharclann siad ar do chuid fiacla le bheith cinnte go bhfuil siad láidir, folláin agus glan.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Solas mór
- Scriobaire do na fiacla
- Scáthán beag
- Scuab fiacla speisialta

#### Cad é a chaitheann siad?

- Cóta bán
- Spéaclaí cosanta
- Masc ar a mbéal

#### Cad é a deir siad?

*'Cad é mar atá tú inniu?'*

*'Cad é mar atá do chuid fiacla?'*

*'Oscail do bhéal.'*

*'Cuir amach do theanga.'*

*'Glanfaidh mé do chuid fiacla.'*

### Dochtúir

© Brand X Pictures/thinkstockphotos.com



#### Cad é a dhéanann dochtúirí?

Cuidíonn dochtúirí leat nuair a bhíonn tú tinn nó nuair a ghortaíonn tú thú féin.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Steiteascóp
- Teirmiméadar
- Otascóp
- Spadal teanga

#### Cad é a chaitheann siad?

- Cóta bán
- Steiteascóp
- Culaith ghlas/ghorm

#### Cad é a deir siad?

*'Cad é mar atá tú inniu?'*

*'Cad é mar a thig liom cuidiú leat?'*

*'Cá bhfuil an phian?'*

*'An dtig liom éisteacht leat ag anáil?'*

*'Cad é mar a mhothaíonn sin?'*

*'Thig linn leigheas a thabhairt duit le cuidiú leat.'*

*'Caithfidh tú luí síos agus do scíth a ligean.'*

*'Beidh biseach ort go luath.'*



### Cúntóir Siopa

© Purostock/thinkstockphotos.com



#### Cad é a dhéanann cúntóirí siopa?

Cuidíonn cúntóirí siopa le daoine i siopa. Cuireann siad earraí ar na seilfeanna, coinníonn siad an siopa glan agus slachtmhar, freastalaíonn siad ar chustaiméirí ag an scipéad agus cuidíonn siad le stoc a ordú.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Scipéad
- Dréimire
- Earraí glantacháin

#### Cad é a chaitheann siad?

- Éide siopa

#### Cad é a deir siad?

*'An dtig liom cuidiú leat?'*

*'Tá an t-arán thall ansin.'*

*'Sin £1.50 le do thoil.'*

*'Ar mhaith leat mála?'*

*'Seo do bhriseadh.'*

### Fear/Bean Otharchairr

© Comstock/thinkstockphotos.com



#### Cad é a dhéanann fir/mná otharchairr?

Cuidíonn fir/mná otharchairr le daoine a raibh taise acu nó le daoine atá an-tinn. Tugann siad garchabhair dóibh agus tugann siad iad chuig an otharlann san otharcharr más gá.

#### Cad é an trealamh a úsáideann siad?

- Otharcharr
- Sínteán
- Mála leighis
- Ocsaigin

#### Cad é a chaitheann siad?

- Éide speisialta
- Lámhainní

#### Cad é a deir siad?

*'Cá bhfuil an phian?'*

*'Cad é a tharla duit?'*

*'Ní bí buartha, beidh muid ábalta cuidiú leat.'*

*'Caithfidh muid thú a thabhairt chuig an otharlann.'*

*'Caithfidh muid instealladh a thabhairt duit.'*